Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

14446/23

SOC 700
EMPL 496
SAN 601

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Bord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair<br>Ceaptar Cristian OLTEANU comhalta don Rómáin, in ionad Victorița Mihaela GRIGORE, atá éirithe as oifig |

1. Cuireadh in iúl d'Ardrúnaíocht na Comhairle go bhfuil Victorița Mihaela GRIGORE éirithe as bheith ina chomhalta de Bhord Bainistíochta na gníomhaireachta thuasluaite i gcatagóir ionadaithe na bhfostóirí (don Rómáin).

2. Faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/126 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2062/94 ón gComhairle, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí an Bhoird Bainistíochta.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá an t-iarrthóir seo a leanas ainmnithe ag an eagraíocht fostóirí BusinessEurope don suíochán sin ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 31 Márta 2027:

Cristian OLTEANU
Concordia Employers' Confederation
Ion Ghica Street 13
Bucharest 030167
Teil. +40731 199 415
r-phost: cristian.olteanu@blackseaog.com ; office@confederatia-concordia.ro

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) an Cinneadh ón gComhairle lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta ar Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), a ghlacadh mar mhír ‘A’ ar a clár oibre; agus

(b) an Cinneadh a fhoilsiú mar fhaisnéis in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

Dréacht-CHINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta

de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/126 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2062/94[1] ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 4 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. Leis an gCinneadh uaithi an 28 Márta 2023[2], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse ón 1 Aibreán 2023 go dtí an 31 Márta 2027.

2. Tá suíochán comhalta i gcatagóir ionadaithe na bhfostóirí tagtha chun bheith folamh ó tharla Victorița Mihaela GRIGORE a bheith éirithe as oifig.

3. Tá iarrthóir ainmnithe ag an eagraíocht fostóirí BusinessEurope don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] IO L 30, 31.1.2019, lch. 58.
[2] IO C 116, 31.3.2023, lch. 19.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Cristian OLTEANU ina chomhalta ar Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair in ionad Victorița Mihaela GRIGORE, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha dar críoch an 31 Márta 2027.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ..., an …

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán